


## Gníomhaíochtaí Daltaí: Teoirim 1

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Teoirim 1” ar CD an Dalta.



1. Tarraing an pointe C agus déan uillinn an CBA cothrom le  $90^\circ$ . Cad a thugann tú faoi deara faoi thomhas na huillinne EBD? \_\_\_\_\_
2. Nuair atá an uillinn CBA cothrom le  $90^\circ$ , cad a thugann tú faoi deara faoi thomhas na n-uillinneacha EBD, ABE agus CBD?  
\_\_\_\_\_
3. Suimigh le chéile na huillinneacha uile i gceist 2. Cén tátal a bhaineann tú as an bhfreagra a fuair tú?  
\_\_\_\_\_
4. Tarraing an pointe C agus déan an uillinn CBD cothrom le  $70^\circ$ . Scríobh líon na gcéimeanna sna huillinneacha ABE, ABC agus EBD.  
 $ABE = \underline{\hspace{2cm}}$ ,  $ABC = \underline{\hspace{2cm}}$ ,  $EBD = \underline{\hspace{2cm}}$
5. Tarraing an pointe C, agus déan an uillinn ABE cothrom le  $60^\circ$ . An bhfuil an tomhas céanna san uillinn CBD? \_\_\_\_\_  
Cad é tomhas na huillinne ABC? \_\_\_\_\_ An bhfuil tomhas na huillinne EBD cothrom le tomhas na huillinne ABC? \_\_\_\_\_
6. Tarraing an pointe C agus déan an uillinn ABC cothrom le  $130^\circ$ . An bhfuil an tomhas céanna san uillinn EBD? \_\_\_\_\_  
Cén tomhas atá san uillinn ABE? \_\_\_\_\_  
An bhfuil tomhas na huillinne CBD cothrom le tomhas na huillinne ABE? \_\_\_\_\_
7. Tarraing an pointe C, agus bíodh an uillinn ABC =  $93^\circ$ . Suimigh le chéile tomhas na huillinne ABC agus tomhas na huillinne CBD. Cén freagra a fuair tú? \_\_\_\_\_  
Cad a insíonn sé sin duit faoi na pointí A, B agus D? \_\_\_\_\_

8. Déan an uillinn EBD =  $100^\circ$ . Cé mhéad céim atá sna huillinneacha seo a leanas?

(i) ABC = \_\_\_\_\_ (ii) EBA = \_\_\_\_\_ (iii) CBD = \_\_\_\_\_

Cén chonclúid a bhaineann tú as an méid sin? \_\_\_\_\_

Nuair a shuimíonn tú tomhais na n-uillinneacha EBD, ABE, ABC agus CBD faigheann tú \_\_\_\_\_

9. Cliceáil an Ticbhosca sa chomhad idirghníomhach chun focláocht na teoirime a fheiceáil.

An é sin an tátal a bhain tú as? \_\_\_\_\_